An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir maidir leis an gClár Samhraidh 2025

## Le haghaidh Iar-bhunscoileanna

# Clár Samhraidh 2025

## Réamhrá

Is í an phríomhthosaíocht i gClár Samhraidh 2025 ná a chinntiú go mbeadh rochtain ag daltaí a bhfuil na riachtanais is casta acu ar chlár samhraidh scoilbhunaithe. Tá clár na bliana seo deartha agus forbartha lena chinntiú go ndírítear tacaíochtaí chun cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus leo siúd atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachais.

Is iad aidhmeanna an chláir i mbliana tacú le folláine scoláirí trína muinín a chothú agus trí chur leis an mbraistint ceangail atá acu lena scoil agus lena bpiaraí. Féachann sé freisin le tacú le leanaí agus daoine óga atá ag príomhchéimeanna aistrithe ina gcuid oideachais dul ar aghaidh chuig an socrúchán oideachais atá beartaithe acu i mí Mheán Fómhair.

Tugtar sa treoir seo ón Roinn Oideachais creat le haghaidh clár samhraidh a reáchtáil in iar-bhunscoileanna do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó dóibh sin atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachasúil. Beidh an clár ar siúl i scoileanna ar feadh tréimhse dhá sheachtain agus féadfar é a thairiscint i mí an Mheithimh, i mí Iúil nó i mí Lúnasa. Mairfidh an clár ar feadh coicíse i scoileanna agus tá solúbthacht ag scoileanna an clár a thairiscint ag aon phointe le linn Meitheamh, Iúil agus Lúnasa. Agus iad ag smaoineamh ar cathain is ceart an clár samhraidh a thairiscint, ba chóir do scoileanna machnamh a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le clár a thairiscint gar do thús na bliana acadúla nua 2025/26. Nuair a chuirtear clár samhraidh ar fáil do dhaoine óga gar do thús na scoilbhliana nua, éascaíonn sé an t-aistriú ar ais go dtí an scoil ar bhealach an-tacúil don duine óg.

Is iad na torthaí inmhianaithe do dhaoine óga ná, mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa chlár samhraidh, go bhfaighidh siad mothú ar rannpháirtíocht leanúnach san oideachas in éineacht le piaraí, braistint níos fearr ar a bhfolláine féin, naisc a neartú le piaraí agus múinteoirí, agus tacar scileanna méadaithe chun leanúint ar aghaidh lena gcuid foghlama.

## Téama don Chlár Samhraidh 2025

Is é '**Muinín agus Ceangail a Chothú**' an téama don chlár arís eile i mbliana.

Tá sé i gceist go mbeidh an Clár Samhraidh ina eispéireas taitneamhach oideachais don aos óg agus don fhoireann. Ba chóir go léireodh an raon gníomhaíochtaí téama na bliana seo agus go n-áireofaí leis deiseanna rannpháirtíochta mac léinn-lárnaithe san fhoghlaim, deiseanna foghlama gníomhacha, comhoibrithe piara agus foghlaim.

Ba cheart é a dhearadh chun deis ardchaighdeáin a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga taithí a fháil ar fhoghlaim agus ar shaol na scoile ar bhealach an-tacúil. Ba cheart go gcabhródh sé le leanaí agus le daoine óga a bpoitéinseal a bhaint amach, a bheith athléimneach agus iad ag déileáil le gnáthstrusanna a saoil, aire a thabhairt dá bhfolláine fhisiciúil agus mothú cuspóra, nasc agus muintearas a bheith acu lena bpobal scoile.

Soláthraíonn an treoir seo creat ginearálta teagaisc d'fhoireann na scoile chun cabhrú le dearadh agus seachadadh an Chláir Samhraidh scoilbhunaithe. Tugann sé an neamhspleáchas agus an tsolúbthacht do bhaill foirne na scoile chun an clár a mhodhnú chun freastal ar a gcomhthéacs scoile féin.

Ceanglófar ar Eagraí an Chláir Samhraidh i ngach scoil freastal ar oiliúint ar líne, rud a n-éascóidh Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí é.

Soláthrófar tacaí agus ábhar oiliúna do scoileanna agus do bhaill foirne chun cabhrú leis an gclár a fhorbairt agus a sholáthar i mbliana. Tá naisc chuig ábhair thacaíochta agus oiliúna roimhe seo ar fáil anseo.

## Cé na nithe a leanfaidh ar aghaidh sa bhliain 2025?

Coinnítear **ról an Eagraí** i gclár na bliana seo chun tacú le scoileanna a bpleanáil agus a rannpháirtíocht sa Chlár Samhraidh. Ina theannta sin, fanann ról an **Bainisteoir Clár Samhraidh** agus na feidhmeanna don ról seo mar a chéile den chuid is mó le blianta roimhe sin. Tá sonraí iomlána maidir leis na róil seo ar fáil i Téarmaí agus Coinníollacha Forbhreathnú Chlár Samhraidh 2025 in Iarbhunscoileanna atá ar fáil ar www.gov.ie/summerprogramme.

Mar a mhol Cigireacht na Roinne, cuireadh roinnt gnéithe nua le dearadh Chlár Samhraidh 2024 agus leanfaidh siad ar aghaidh do Chlár Samhraidh 2025. Cé go gcoimeádann scoileanna solúbthacht agus neamhspleáchas chun cláir a dhearadh a oireann do riachtanais na mac léinn agus dá suíomh oideachais ar leith, tá sé tábhachtach freisin go mbeadh teagmháil bhríoch ag scoileanna leis na daoine óga iad féin agus lena dtuismitheoirí/caomhnóirí. Ina theannta sin, chun tacú le leanúnachas i bhfoghlaim na scoláirí, ba chóir torthaí an chláir do gach duine óg a roinnt go héifeachtach i bhfoirm scríofa leis an scoil agus leis na tuismitheoirí go tráthúil. Áirítear leis na heilimintí seo:

1. **Dul i gcomhairle le Scoláirí agus lena dTuismitheoirí/Caomhnóirí roimh ré (Féach Aguisín A).** Sula gcuirtear tús leis an gclár samhraidh agus mar chuid den phróiseas pleanála, ba chóir suirbhé comhairliúcháin réamhchláir a eisiúint chuig na scoláirí agus chuig a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí chun riachtanais foghlama tosaíochta, láidreachtaí, suimeanna an duine óig agus conas is fearr tacú leo a fháil amach.

2. **Tuairisc Cláir Samhraidh (Féach Aguisín B).** Ag deireadh an chláir, ba cheart do bhainisteoir an chláir a chinntiú go n-ullmhófar tuairisc ghonta scríofa ar dhul chun cinn gach scoláire. Sa tuairisc sin, ba cheart forbhreathnú gairid a thabhairt ar na scileanna agus na héachtaí a ghnóthaigh an scoláire le linn an chláir samhraidh. Ba cheart an tuairisc sin a sholáthar do thuismitheoirí/caomhnóirí agus don mhúinteoir ranga/ceann bliana agus, nuair is infheidhme, ba cheart an tuairisc a chur ar áireamh freisin i gComhad Tacaíochta Scoláire gach duine óig i bplean soláthair na scoile.
3. **Machnamh ar an bhFoghlaim (Féach Aguisín C).** Ba cheart d'eagraithe, bainisteoirí agus múinteoirí an chláir ról ghuth an scoláire a chur chun cinn trí phleanáil do dhíospóireachtaí ar an bhfoghlaim, agus na díospóireachtaí sin a éascú, roimh na gníomhaíochtaí agus ina ndiaidh.

Tá teimpléid chun tacú le scoileanna leis an obair seo ar na gnéithe tábhachtacha seo curtha ar fáil sna hAguisíní ag deireadh an doiciméid treorach seo.

## Clár samhraidh a fhorbairt

Tá an réasúnaíocht, na haidhmeanna, an treoir, an t-ábhar cláir agus na cineálacha cur chuige atá leagtha amach sa doiciméad seo beartaithe chun cabhrú le múinteoirí clár oideachais scoilbhunaithe a sheachadadh chun tacú le leanaí agus daoine óga dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama trí Mhuinín agus Nasc a Thógáil.

### AN RÉASÚNAÍOCHT IS BUN LE CLÁR SAMHRAIDH A SHOLÁTHAR

Bíonn dúshláin leanúnacha ag leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu agus iad siúd is mó atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais maidir lena rannpháirtíocht agus torthaí san oideachas. Tarlaíonn cur isteach foghlama go hiondúil le linn tréimhsí saoire scoile, nuair a bhíonn daoine óga gan na gnáthaimh rialta a bhíonn acu le linn an téarma. Ina theannta sin, is féidir le hamanna saoire tréimhse iargúltachta a thabhairt gan teagmháil bheag nó gan aon teagmháil le piaraí dá n-aois féin. Is féidir leis na fachtóirí seo dul i bhfeidhm ar dhul chun cinn oideachais agus folláine daoine óga. Tugann clár an tsamhraidh deis luachmhar do leanaí agus do dhaoine óga athcheangal a dhéanamh le piaraí agus foireann na scoile, cairdeas a dhéanamh agus scileanna nua a fhoghlaim. Le linn cruinnithe grúpa fócais le cigirí a rinne meastóireacht ar chlár an tsamhraidh in 2024, labhair na leanaí agus na daoine óga a ghlac páirt sa chlár, a dtuismitheoirí agus na múinteoirí a d'oibrigh ar an gclár go deaslámhach faoi bhuntáistí an chláir samhraidh. Mar shampla, dúirt mac léinn iar-bhunscoile le cigirí go '*déarfadh siad le gach duine é a dhéanamh, tá athrú tagtha ar mo shaol, sa mhéid is go mbraithim i bhfad níos mó muiníne sa scoil anois*." Nótáil múinteoir iar-bhunscoile 'go bhfuil níos mó muiníne anois ag daltaí a bheadh i bhfolach roimhe seo

ag siúl isteach i seomra ina n-aonar' agus chuir tuismitheoir dalta iar-bhunscoile síos ar an méid a thug clár an tsamhraidh do theaghlaigh mar '*luachmhar*'.

I bhfianaise na réasúnaíochta seo spreagtar ceannairí scoile machnamh a dhéanamh ar an deis a thapú chun an clár samhraidh scoilbhunaithe a reáchtáil in 2025.

## AIDHMEANNA AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Tá aidhmeanna an Chláir Samhraidh ailínithe le téama an chláir: **Muinín agus Ceangail a Chothú.**

Is iad seo a leanas na haidhmeanna sin:

- Deiseanna a thabhairt do scoláirí an caidreamh atá acu lena scoil, lena múinteoirí agus lena gcomhscoláirí a fhorbairt agus a chothú.
- Daingniú a dhéanamh ar fhoghlaim roimhe scoláirí agus a n-ullmhacht don fhoghlaim agus íoslaghdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an mbaol go rachadh siad ar gcúl ina gcuid foghlama.
- Tacú le folláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach scoláirí, agus a n-athléimneacht agus a bhféinmhuinín a fhorbairt.
- Scileanna agus gnáthaimh a fhorbairt chun a chinntiú go n-aistreoidh scoláirí go rathúil isteach sa chéad chéim eile dá scolaíocht.
- Deiseanna a thabhairt do scoláirí taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim agus as an bhforbairt scileanna le linn mhíonna an tsamhraidh i dtimpeallacht nach mbíonn chomh foirmiúil céanna leis an timpeallacht a bhíonn ann le linn na scoilbhliana.

## CÉ NA SCOLÁIRÍ AR CHEART CUIREADH A THABHAIRT DÓIBH PÁIRT A GHLACADH SA CHLÁR?

Tá an Scéim Iar-bhunscoileanna ar oscailt do scoláirí atá rollaithe i ranganna speisialta, do scoláirí a bhfuil riachtanais chasta speisialta oideachais acu agus do scoláirí atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachasúil.

Ba cheart d'iar-bhunscoileanna a bhfuil an Scéim Iar-bhunscoileanna á reáchtáil acu tús áite a thabhairt do na daoine óga sin a bhfuil na riachtanais is casta speisialta oideachais acu, lena n-áirítear scoláirí i ranganna speisialta, agus áiteanna ina gclár á sannadh acu.

Trí raon córas agus struchtúr éagsúil sa scoil – mar shampla trí obair na Múinteoirí Oideachais Speisialta agus na Foirne Tacaíochta Scoláirí – beidh liosta ag scoileanna cheana féin de na scoláirí sin a bhfuil riachtanais shainaitheanta speisialta oideachais acu, a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu agus atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachasúil.

Beidh ar an bpríomhoide agus ar bhaill foirne ábhartha eile a chinneadh cé na scoláirí ar cheart dóibh leas a bhaint as an gclár seo agus ba cheart dóibh a chinntiú go spriocdhíreofar na hacmhainní a sholáthrófar orthu sin a bhfuil an gá is mó acu leo.

Agus scoláirí á roghnú acu don chlár, is féidir go mbeidh ar an scoil a chinneadh cé na scoláirí ar cheart áit a thairiscint dóibh. Beidh sé sin níos dúshlánaí i gcás go mbeidh a lán scoláirí ann a d'fhéadfadh, i dtuairim na scoile, tairbhe a bhaint as an soláthar seo. Ar mhaithe le scoláirí a chur in ord tosaíochta maidir leis an gclár a rochtain, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chritéir ábhartha a úsáid chun sainaithint a dhéanamh ar na scoláirí a bhfuil an gá is mó acu le tacaíocht faoin gClár Samhraidh. I gcás go mbeidh leibhéil mhéadaithe imní ag baint le scoláirí faoi níos mó ná critéar amháin, ba cheart tús áite a thabhairt do na scoláirí sin a chuimsiú sa chlár. Féadfar na critéir mholta thíos a mhodhnú nó a leathnú chun go n-oirfidh siad do chomhthéacs na scoile féin.

Féadfar scoláirí a chur in ord tosaíochta trí úsáid a bhaint as na scálaí seo a leanas atá ailínithe leis na critéir thíos:

| Réimse imní | Leibhéal imní<br>Íseal | | | | Ard |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Scoláirí a bhfuil Riachtanas Speisialta Oideachais acu | | | | | |
| Scoláirí atá i mbaol Míbhuntáiste Oideachasúil | | | | | |

Is féidir na réimsí imní sin a mhiondealú tuilleadh trí úsáid a bhaint as na critéir roghnúcháin atá sainaitheanta sa doiciméad dar teideal Clár Samhraidh 2025 Téarmaí agus Coinníollacha Forbhreathnú Chlár Samhraidh 2025 in Iarbhunscoileanna.

Ba cheart tús áite a thabhairt do scoláirí nach mbeidh ag baint leas as aon chláir shamhraidh eile (mar shampla cláir a reáchtálfaidh an Clár Críochnaithe Scoile i scoileanna DEIS). Féadfar tacaíocht a thabhairt do scoláirí a bheidh páirteach i gcláir de chuid an Chláir Críochnaithe Scoile, áfach, ar choinníoll nach gcuirfidh sé sin aon chosc ar scoláire eile leas a bhaint as an deis seo. Cinnteoidh sé sin nach soláthrófar aon tacaí ná aon acmhainní dúblála do scoláirí chun dochar do scoláire eile a dteastóidh tacaíocht uaidh/uaithi freisin.

## PARAIMÉADAIR AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Tairgfear deis do gach iar-bhunscoil clár samhraidh a sholáthar. Tabharfaidh sé sin am do scoileanna caidrimh thábhachtacha a chothú le scoláirí agus cur ar chumas scoláirí muinín a ghnóthú ar fud raon scileanna difriúla agus, ar an tslí sin, aistriú chuig an gcéad bhliain eile den scolaíocht. Is deonach atá rannpháirtíocht scoileanna sa scéim.

Agus an clár á rith, ba cheart an t-am a leithdháilfear a bheith bunaithe ar an amchlár scoile reatha, a mhéid a bhaineann le hamanna tosaithe agus amanna críochnaithe gach lá. Ba cheart do mhúinteoirí am i dtús an lae agus ag deireadh an lae araon a úsáid chun pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh. Ba cheart do scoláirí tosú tráth nach déanaí ná 10.00 a.m. agus ba cheart dóibh críochnú tráth nach luaithe ná 3.00 p.m. Ba cheart an t-am a chaithfear ar ghníomhaíochtaí difriúla a bheith solúbtha. Dá bhrí sin, ní gá cloí le ceachtanna daichead nóiméad ná ceachtanna uair an chloig. Ba cheart am a chur i leataobh don lón. Sa chomhthéacs sin, ba cheart scoláirí a spreagadh cabhrú leis an mbia a ullmhú agus ithe le chéile agus leo sin a bheidh ag soláthar an chláir. Cuirfidh sé sin lena mbraistint folláine sóisialta agus ceangailteachta.

Chun tacú le scoileanna an clár samhraidh a sholáthar, cuirfear ábhair, lena n-áirítear seimineáir Ghréasáin agus acmhainní oiriúnacha, ar fáil do phearsanra scoile a mbeidh ról acu sa chlár a reáchtáil agus a sholáthar. Tá nasc le hábhair thacaíochta roimhe seo anseo.

## ÁBHAR AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Maidir le hábhar an chláir a chuirfidh an scoil le chéile, ba cheart é a bheith bunaithe ar théama an chláir i mbliana: **Muinín agus Ceangail a Chothú.** Ós rud é gur ar leibhéal na scoile a sholáthraítear an clár, féadfaidh scoileanna a gclár féin a dhearadh i gcomhréir leis an treoirchreat atá curtha i láthair sa doiciméad seo.

Is é an aidhm is tábhachtaí atá leis an gclár samhraidh ar leibhéal na scoile ná a chinntiú go dtabharfar do scoláirí na scileanna a theastaíonn uathu chun gabháil go táirgiúil don téarma scoile nua. Dá bhrí sin, moltar gan an oiread sin dírithe a leagan ar réimsí ábhair ná ar inneachar ábhair, toisc nach bhfuil sé i gceist leis an gclár seo aon fhoghlaim a cailleadh ar fud an churaclaim a mhaolú. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar dheiseanna a thabhairt do scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí traschuraclaim de chineál tionscadail i réimsí amhail ceol, ealaín, spórt, etc., agus díriú ar leith á leagan ar chur le muinín na scoláirí as a gcuid foghlama.

Tá an treoir sa doiciméad seo ceaptha chun a bheith ina creat nó ina liosta roghanna. Is féidir ábhar molta an chláir samhraidh a tharraingt ó na sé chomhpháirt seo a leanas, ar aon dul le riachtanais tosaíochta na scoláirí agus le hacmhainní na scoile:

A. Folláine Scoláirí
B. Teicneolaíocht
C. Foghlaim chun Foghlaim
D. Litearthacht

E. Uimhearthacht
F. Ábhar Acadúil
G. Cineálacha cur chuige teagaisc
H. Acmhainní molta

## A. FOLLÁINE SCOLÁIRÍ

Tá folláine ar cheann amháin de na réamhriachtanais don fhoghlaim rathúil agus ar cheann amháin de na torthaí atá ar an bhfoghlaim rathúil araon toisc gur gá do scoláirí braistint folláine a bheith acu sa chéad áit chun gur féidir leo gabháil don oideachas. Is toradh ar an bhfoghlaim í toisc go gcuirtear le folláine scoláirí nuair a bhaineann siad rath amach ar scoil. Tá ríthábhacht ag baint leis an mbraistint ratha sin san fhoghlaim maidir le féinmheas agus féinmhuinín scoláirí a chothú.

Beidh scoileanna feasach cheana féin ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh dhaoine óga mar gheall ar imní leanúnach, drochfhreastal, diúltú scoile, deiseanna teoranta chun cairdeas a fhorbairt agus dúshláin maidir le rath a bhaint amach san fhoghlaim. Cé gur féidir leis na nithe sin a bheith ina réimsí imní do gach scoláire, is réimse imní ar leith iad dóibh sin a bhfuil riachtanais chasta speisialta oideachais acu agus dóibh sin atá i mbaol tarraingt siar as an oideachas.

Beidh gá ann le bearta atá ceaptha chun tacú le scoláirí dearcadh dearfach a bheith acu i leith na foghlama, agus ba cheart bearta den sórt sin a chur ar áireamh sa soláthar samhraidh. Mar shampla, d'fhéadfaí plean folláine iomlánaíche a chur le chéile chun tacú le scoláirí sa scoilbhliain atá le teacht. Ba cheart gníomhaíochtaí folláine fisiciúla, sóisialta agus mothúchánaí a chomhtháthú isteach sa chlár samhraidh ar mhaithe le hathléimneacht a fhorbairt.

### Mé féin a bhainistiú mar chuid d'fholláine

Is féidir go mbeidh sé riachtanach scoláirí a roghnófar don chlár a athdhíriú i dtreo dearcadh níos dearfaí a ghnóthú orthu féin mar fhoghlaimeoirí. Seachas aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bheidh ag scoláirí, agus orthu sin amháin, ba cheart d'idirghabhálacha feabhas a chur ar fheidhmiú scoláirí amach anseo. Cuirfear feabhas ar fholláine fhoriomlán trí straitéisí féinbhainistíochta lena dtugtar spreagadh do scoláirí tuilleadh freagrachta a ghlacadh as a spriocanna foghlama.

Ba cheart tacú le scoláirí:

- Spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha oideachais, saoil agus gairme a shocrú, ar spriocanna iad atá inghnóthaithe agus a thabharfaidh braistint ratha agus muiníne don scoláire.
- A shainaithint cad is gá dóibh a dhéanamh chun a spriocanna a bhaint amach agus chun plean gníomhaíochta a fhorbairt.

- Cabhair a iarraidh agus a bheith ar an eolas faoi cén áit ar féidir leo cabhair a fháil, idir chabhair acadúil agus chineálacha eile tacaíochta mothúchánaí.
- Machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin agus ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh acu.
- Feabhas a chur ar a scileanna staidéir agus eagrúcháin chianda agus ar a scileanna staidéir agus eagrúcháin laistigh den scoil.

### Folláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach

Ba cheart tacú le scoláirí:

- A bhrath go bhfuil siad sábháilte
- Bheith sláintiúil
- Coinneáil gníomhach go fisiciúil
- Bia dea-chothaitheach a ithe
- A gcodladh agus a n-am scáileáin a bhainistiú.
- Cúram agus meas a léiriú agus iad ag idirghníomhú le múinteoirí agus le scoláirí eile
- Straitéisí éifeachtacha a fhoghlaim chun a n-iompraíocht a bhainistiú.
- Taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí dearfacha caidrimh shóisialta.
- Cairde nua a dhéanamh agus an cairdeas sin a choinneáil ar bun
- A líonra tacaíochta mothúchánaí a shainaithint agus a leathnú
- Raon straitéisí a úsáid chun tacú leo féin nuair a bhíonn imní orthu

Tá raon cuimsitheach tacaíochtaí ar fáil ón An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) chun tacú le folláine na mac léinn lena n-áirítear treoir maidir le mothú sábháilteachta, socair, nascacht shóisialta, dóchais agus braistint éifeachtúlachta i duit féin agus sa phobal a chur chun cinn.

## B. TEICNEOLAÍOCHT

D'fhéadfadh roinnt leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí agus gléasanna cúnta amhail méarchláir mhalartacha, bogearraí aitheanta gutha, bogearraí formhéadúcháin monatóireachta agus roghanna urlabhra go téacs, chun an fhoghlaim, an chumarsáid agus an idirghníomhú a chothabháil nó chun cabhrú leo. Agus iad ag plé le leanaí agus daoine óga timpeall an Chláir Samhraidh, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí agus gléasanna cúnta cabhrú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu trí:

- Tacú leis an bhfoghlaim (m.sh. ríomhaire glúine a úsáid le taighde a dhéanamh, úsáid a bhaint as seiceáil litrithe, léamh téacs nó bogearraí aithint cainte, deiseanna cleachtaidh agus comhdhlúthaithe a sholáthar).
- Tacú le haistrithe (m.sh., féilirí, sceidil, aláraim, aipeanna eagraíochtúla)
- Tacú le cumarsáid (m.sh., bogearraí éagsúla, aipeanna teachtaireachtaí).
- Deiseanna sóisialta a mhéadú (m.sh. aipeanna meán sóisialta cuí).
- Strus a laghdú (m.sh., seinnteoirí ceoil, aipeanna ceansaithe).
- Tacú le leasanna áineasa (m.sh., taighde a dhéanamh ar réimsí spéise aonair).

Is dóigh go mbeidh sé riachtanach roinnt scoláirí a uasoiliúint i dteicneolaíocht a úsáid chun tacú lena gcuid foghlama.  Príomhchumasóir maidir le rannpháirtíocht san oideachas agus toradh ríthábhachtach ar an gclár samhraidh seo is ea a chinntiú go sealbhóidh scoláirí na scileanna digiteacha a theastaíonn chun leanúint lena gcuid foghlama. Is féidir go dteastóidh ionchuir ó scoláirí maidir le sábháilteacht ar líne freisin.

Ar an gcéad ásc, is gá do mhúinteoirí a bheidh ag soláthar an chláir seo measúnú a dhéanamh ar na réimsí ina dteastaíonn an tacaíocht is mó ó scoláirí ó thaobh na foghlama digití de ar mhaithe leis an mbearna dhigiteach a dhúnadh a mhéid is féidir.

Bíonn sé dúshlánach do roinnt scoláirí ardáin foghlama ar líne a bhainistiú. Is féidir go dteastóidh oiliúint bhreise ó scoláirí maidir le conas is fearr is féidir feistí digiteacha a úsáid. Is féidir go mbeidh ar roinnt scoláirí a fhoghlaim conas a mbealach a dhéanamh trí ardán foghlama ar líne na scoile chun go mbeidh cumas dóthanach acu tascanna a rochtain, obair chríochnaithe a uaslódáil, cumarsáid a dhéanamh lena múinteoirí, tabhairt faoi cheachtanna ar líne agus dul i dteagmháil lena bpiaraí.

Tá clár ceannaireachta digití do scoláirí i bhfeidhm i roinnt scoileanna, áit a dtugann scoláirí a bhfuil scileanna teicniúla an-mhaith acu tacaíocht dá gcomhscoláirí a scileanna féin a fhorbairt. Is fiú breithniú a dhéanamh ar chóras piarthacaíochta den sórt sin a fhorbairt mar chuid den chlár seo, nuair is indéanta.

Ba cheart an oiread deiseanna agus is féidir a thabhairt do scoláirí an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid ar bhealach fiúntach ar fud an chláir. Ba chóir tascanna a cheapadh lena chinntiú go gcleachtann na scoláirí idirghníomhaíochtaí digiteacha éagsúla a chuimsíonn ábhar an dalta, chomh maith le hábhar dalta-múinteora agus dalta-dalta.

### C. FOGHLAIM CHUN FOGHLAIM

Chun tacú le daoine óga ar cuireadh isteach ar leanúnachas a gcuid foghlama, beidh sé an-tábhachtach go ndíreodh múinteoirí ar na scileanna a bhaineann le foghlaim chun foghlaim.

Moltar na nithe seo a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile, le linn an Chláir Samhraidh chun tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu nó leo sin atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachasúil:

- Féachaint le daingniú a dhéanamh ar ghnáthaimh a chabhraíonn le daoine óga rath a bhaint amach sa saol scoile laethúil.
- Cur le straitéisí scileanna sóisialta agus féinrialúcháin lena n-úsáid sa chomhthéacs scoile.
- Díriú ar scileanna éifeachtacha cúraim agus eagrúcháin a fhorbairt.
- Scileanna agus cuir chuige cumarsáide a threisiú lena chinntiú go mbíonn guth ag daoine óga, gur féidir leo roghanna a chur in iúl agus a dtuairimí a thabhairt
- Machnamh a dhéanamh ar éachtaí san am atá thart (go háirithe iad sin atá doiciméadaithe i gcomhaid tacaíochta scoláirí) agus ar an dóigh ar gnóthaíodh na héachtaí sin chun tuiscint níos fearr a thabhairt do daoine óga ar na dea-straitéisí atá ann cheana.
- Straitéisí meiteachognaíocha a shamhaltú trí dheiseanna a thabhairt do daoine óga labhairt faoin dóigh a mbíonn siad ag foghlaim agus faoi na nithe a chabhraíonn leo foghlaim ar an tslí is fearr agus trí dheiseanna a thabhairt dóibh foghlaim a chur i láthair i raon slite éagsúla.
- A theagasc do scoláirí conas a gcuid foghlama a eagrú agus a bhainistiú go neamhspleách trí chleachtas treoraithe.

### D. LITEARTHACHT

Bunchloch na foghlama ar fad go fóill is ea dea-scileanna litearthachta. Beidh sé an-tábhachtach sa chlár scoláirí a spreagadh díriú ar a scileanna litearthachta a fheabhsú. Is féidir é sin a dhéanamh trí aon réimse ábhair nó trí aon tasc a shannfar do scoláirí.

Is iad seo a leanas roinnt treoirlínte maidir le dea-scileanna litearthachta a fhorbairt:

- Am díospóireachta a chur san áireamh i dtascanna agus gníomhaíochtaí foghlama chun litearthacht ó bhéal a chur chun cinn.
- Scileanna béil na scoláirí a fhorbairt trí iarraidh orthu labhairt faoina gcuid foghlama.
- Scileanna léamhthuisceana a theagasc ar bhealach follasach.
- Úsáid a bhaint as straitéisí réamhléitheoireachta, amhail foghlaim roimhe na scoláirí a ghníomhachtú, teicnící tuair agus ceistiú sula léitear aon téacs.
- Stór focal na scoláirí a fhorbairt trí iad a spreagadh focail nuashealbhaithe a athúsáid.

- Cuid mhór deiseanna a thabhairt do scoláirí an bhrí atá le focail agus coincheapa nua a mhíniú ó bhéal.
- Deiseanna a thabhairt do scoláirí léamh mar chaitheamh aimsire agus ábhair a bhfuil spéis acu iontu a léamh.
- Inspreagadh scoláirí a mhéadú trí chomórtais a reáchtáil ina scríobhann siad gearrscéal nó gearrdhán nó ina scríobhann siad léirmheas ar scannán nó ar leabhar.

## E. UIMHEARTHACHT

Is gá scileanna uimhearthachta scoláirí a fhorbairt chun feabhas a chur ar a dtorthaí i raon leathan ábhar. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh comhpháirt láidir uimhearthachta ann sa chlár. B’fhearr gur i gcomhpháirteanna traschuraclaim a shaothrófaí an chomhpháirt uimhearthachta sin.

Ba cheart tacú le scoláirí:

- Tuiscint mhatamaiticiúil a úsáid ar fud raon réimsí agus comhthéacsanna ábhair.
- Cur chuige fadhbréitigh a ghlacadh i leith tascanna.
- Am/fad/spás a mheas agus buille a thabhairt faoi thuairim ar thorthaí.
- Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil.
- Sonraí a bhailiú agus a úsáid.
- Tuiscint mhatamaiticiúil a chur i bhfeidhm i leith raon comhthéacsanna éagsúla.
- Dearcthaí dearfacha a fhorbairt i leith na huimhearthachta agus i leith an luacha a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic agus ar ábhair a bhfuil bunsraith láidir uimhearthachta acu.

## F. ÁBHAR ACADÚIL

Is féidir go measfar gur riachtanais acadúla go príomha iad na riachtanais foghlama tosaíochta atá ag roinnt scoláirí. Is féidir straitéisí a chur i bhfeidhm chun cabhrú le scoláirí den sórt sin teacht suas le hábhar acadúil, i gcás go mbeidh acmhainní ar fáil. Moltar do mhúinteoirí na comhpháirteanna eile, amhail straitéisí digiteacha, scileanna litearthachta nó uimhearthachta, agus scileanna a bhaineann le foghlaim chun foghlaim, a chomhtháthú isteach i réimsí ábhair. Trí chur chuige traschuraclaim den sórt sin a ghlacadh, tacófar le cuid mhór de na riachtanais atá ag scoláirí de dheasca caillteanas foghlama. Tá sé tábhachtach a chur in iúl go soiléir, áfach, nár cheart an clár samhraidh a dhearadh ar bhonn ábhair acadúil agus ar an mbonn sin amháin. I gcás go mbeidh an clár bunaithe ar roinnt ábhair acadúil, ba cheart béim ar thaitneamh a bhaint as an bhfoghlaim agus ar fholláine scoláirí a chur ar áireamh i bparaiméadair an chláir. Léirítear san fhianaise a soláthraíodh ó thaighde ar chláir shamhraidh roimhe go raibh ceangal ann idir barraíocht béime ar ábhar acadúil agus laghdú ar rannpháirtíocht agus tinreamh scoláirí.

## G. CINEÁLACHA CUR CHUIGE TEAGAISC

Nuair a bheidh an clár á cheapadh, beidh ríthábhacht ag baint le cineálacha éifeachtacha cur chuige oideolaíoch a chur i bhfeidhm chun tacú le foghlaimeoirí blaiseadh a fháil de rath agus rath a bhaint amach.

Treoirlínte le haghaidh cineálacha éifeachtacha cur chuige teagaisc:

- Riachtanais na bhfoghlaimeoirí a shainaithint go soiléir
- Intinní soiléire foghlama a chur in iúl agus am a chur i leataobh le haghaidh machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim
- Eolas agus scileanna a scafláil de réir a chéile
- A insint do na scoláirí nach é amháin go bhfuil botúin inghlactha, ach go bhfuil siad ina gcéim bhunúsach de phróiseas na foghlama éifeachtaí freisin
- Ceisteanna oscailte a chur
- Am a chur i leataobh le haghaidh smaoineamh agus le haghaidh ceisteanna a fhreagairt
- Úsáid a bhaint as eagraithe grafacha agus as meabhairmhapaí
- Úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige oideolaíoch a éilíonn foghlaim ghníomhach
- Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nuair is féidir agus nuair is cuí
- Deiseanna a thabhairt don fhoghlaimeoir obair i gcomhar lena bpiaraí sa timpeallacht dhigiteach
- Foghlaim fhéinriartha scoláirí a chur chun cinn
- Aiseolas rialta a thabhairt chun an scoláire a spreagadh chun na chéad chéimeanna eile a thógáil
- Úsáid a bhaint as quizeanna agus comórtais ar mhaithe le hinspreagadh a chothú agus ar mhaithe leis an bhfoghlaim a dhéanamh spraíúil
- Deiseanna a thabhairt chun daingniú agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim.

Tar éis seimineár Gréasáin oiliúna faisnéise a reáchtáil do mhúinteoirí, cuirfear foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus acmhainní don Chlár Samhraidh ar fáil ag an nasc seo a leanas ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta: https://ncse.ie/summer-programme.

### Éascaitheoirí Seachtracha/Aoichainteoirí

Is féidir le héascaitheoirí seachtracha ról a imirt maidir le cur chuige pleanáilte a fhorlíonadh, a chomhlánú agus a chothú i leith an clár a sholáthar, lena n-áirítear folláine a chur chun cinn. Más rud é go n-úsáidfear aoichainteoirí nó cuairteoirí mar chuid den Chlár Samhraidh, beidh sé riachtanach cloí le Ciorclán Uimh. 0043/2018. Is féidir go mbeidh ar bhainisteoir an chláir ceadú an Bhoird Bainistíochta a lorg sula dtabharfar cuireadh d'aoichainteoir teacht chuig an scoil, agus beidh ar bhainisteoir an chláir a chinntiú go gcloífear leis na nósanna imeachta cuí i ndáil le Cumhdach Leanaí agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Sula dtabharfaidh an t-aoichainteoir cuairt ar an scoil, déan cinnte de go mbeidh ráiteas do scoile maidir le cumhdach leanaí léite aige/aici.

## H. ACMHAINNÍ MOLTA

Chun tacú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta agus chun iad a fhorbairt tuilleadh:

- Tá acmhainní Litearthachta agus Uimhearthachta amhail leabhair oibre ar fáil lena n-íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh faoin gceannteideal JCSP workbooks.
- Tugtar ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta breac-chuntas ar raon leathan acmhainní atá oiriúnach dá n-úsáid chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta foghlaimeoirí a fhorbairt i gcoitinne. Tá rannán do mhúinteoirí ann ar an suíomh. Is féidir le foghlaimeoirí an rannán sin a rochtain agus leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil air. Tá rannán do thuismitheoirí ann freisin.  Cuimsíonn an suíomh Gréasáin naisc chuig a lán suíomhanna Gréasáin oideachasúla úsáideacha chun tuismitheoirí agus múinteoirí a dhíriú i dtreo tuilleadh tacaí ar líne.  Tá rannán gearr ann ar aipeanna úsáideacha don bhaile, rud a nuashonraítear dhá uair in aghaidh na seachtaine faoi láthair.
- Tugtar ar an gcóras náisiúnta leabharlainne rochtain saor in aisce ar ríomh-Leabhair, ar chlosleabhair, ar irisí agus ar nuachtáin ar líne.

Chun tacú le folláine agus treoir foghlaimeoirí:

- Tugtar ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais comhairle luachmhar do scoileanna agus teaghlaigh ar thopaicí amhail folláine, cianfhoghlaim, agus soláthar do ghnáthaimh agus struchtúr i saol an scoláire.
- Is í Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla an tseirbhís tacaí scoile de chuid Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tá faisnéis thábhachtach do scoileanna, do thuismitheoirí agus caomhnóirí agus do dhaoine óga ar fáil ó Tusla.
- Soláthraítear ar Webwise raon acmhainní teagaisc bunscoile agus meánscoile saor in aisce ina dtugtar aghaidh ar thopaicí éagsúla, lena n-áirítear cibearbhulaíocht, comhroinnt íomhánna agus na meáin shóisialta. Tairgtear ar Webwise raon acmhainní atá ceaptha chun cabhrú le múinteoirí sábháilteacht Idirlín a chomhtháthú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim, mar aon le faisnéis agus comhairle do thuismitheoirí agus do na leanaí féin.
- Ar an leathanach 'Seirbhísí Tacaíochta Meabhairshláinte do Dhaoine Óga' ar shuíomh Gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, liostaítear raon seirbhísí agus acmhainní difriúla atá ceaptha chun cabhrú le daoine óga déileáil leis an ngéarchéim reatha agus iad féin a bhainistiú lena linn: Jigsaw; BeLong To; Reach Out; Spunout; agus Líne Chabhrach na Leanaí. Áirítear iad seo a leanas leis na topaicí a chumhdaítear iontu: an Ardteistiméireacht le linn phaindéim COVID-19; aclaíocht; gnáthaimh a bhainistiú; imní a

bhaineann le paindéim COVID-19; coinbhleacht teaghlaigh; agus coinneáil ceangailte. Tá acmhainní ann do thuismitheoirí freisin.

- Ar shuíomh Gréasáin Scoilnet, sainaithnítear acmhainní don fhoghlaim ar fud gach réimse ábhair, lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, agus soláthraítear naisc chuig seirbhísí tacaíochta na Roinne.

## Príomhróil maidir le Clár Samhraidh a sholáthar

### EAGRAÍ AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Sa bhliain 2025, beidh ról tiomnaithe mar Eagraí Scoile ann i ngach scoil atá ag tairiscint an Chláir Samhraidh. Gheobhaidh an tEagraí Scoile luach saothair breise i leith an róil sin. Beartaítear go mbeidh an ról mar Eagraí Scoile ina phríomhról ceannaireachta ina dtairgfear deiseanna forbartha do bhaill foirne i scoileanna. Is é/í an tEagraí Scoile i ngach scoil a fhorbróidh Clár Samhraidh na scoile agus a bheidh freagrach as baill foirne a earcú.

Beidh comhoibriú idir an tEagraí agus Bainisteoir Cláir Samhraidh na scoile ag teastáil roimh thús gach scéime chun tacú leis an gClár Samhraidh a sholáthar sa scoil. Beidh an t-aistriú dualgas sin chuig Bainisteoir an Chláir Samhraidh ag teastáil mar chuid d'obair ullmhúcháin an Eagraí.

### BAINISTEOIR AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Ní mór do gach scoil Bainisteoir amháin a cheapadh chun an clár samhraidh a bhainistiú. Is é ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh bainistiú/formhaoirseacht a dhéanamh ar an gclár samhraidh, agus ní mór dó/di bheith i láthair sa scoil ar feadh an chláir ar fad chun gur féidir leis/léi déileáil le haon saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn. Imreoidh Bainisteoir an Chláir Samhraidh ról ríthábhachtach maidir le torthaí rathúla a chinntiú do rannpháirtithe.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh tugtha sa doiciméad dar teideal Clár Samhraidh 2025 Téarmaí agus Coinníollacha Forbhreathnú Chlár Samhraidh 2025 in Iarbhunscoileanna. Is féidir le haon mhúinteoir buan nó le haon mhúinteoir téarma shocraithe tabhairt faoin ról sin, lena n-áirítear an príomhoide agus/nó Eagraí an Chláir Samhraidh sa scoil rannpháirteach.

Ag deireadh an chláir, ba cheart do Bhainisteoir an Chláir Samhraidh a chinntiú go soláthrófar do gach tuismitheoir **tuairisc ghonta scríofa** ar dhul chun cinn an linbh nó an duine óig agus go gcoinneofar an tuairisc sin sa scoil freisin. Tá breac-chuntas mionsonraithe ar ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh tugtha i Rannán 4 den doiciméad dar teideal Clár Samhraidh 2025 d'Iar-bhunscoileanna Príomhshrutha: Forbhreathnú.

## RÓL AN PHRÍOMHOIDE

Tá ról tábhachtach ag an bpríomhoide i dtorthaí rathúla a chinntiú do rannpháirtithe sa Chlár Samhraidh. Ba cheart don phríomhoide a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na cistí agus na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le foghlaim scoláirí agus chun í a bhreisiú. Is riachtanas é freisin go n-oibreodh an príomhoide i ndlúthchomhar le Bainisteoir an Chláir Samhraidh i dtaca leis na gnéithe is tábhachtaí den Chlár Samhraidh, go háirithe chun a mhaoirsiú go bhfuil fócas láidir oideachais ag an gclár.

Ag deireadh an chláir, ba cheart don phríomhoide, ag obair dó/di i gcomhar le Bainisteoir an Chláir Samhraidh, a chinntiú go mbeidh struchtúr comhleanúnach i bhfeidhm chun na sonraí a bailíodh faoi scoláirí aonair a aistriú chuig an bpearsanra scoile ábhartha agus go n-aistreofar na sonraí go cuí. Ba cheart na sonraí sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoi aon tacaí breise i ndáil le riachtanais leanúnacha folláine agus foghlama na scoláirí tráth athoscailt oifigiúil na scoile.

## RÓL NA MÚINTEOIRÍ

Admhaítear gurb é an pearsanra a bheidh ar fáil a mhúnlóidh na comhpháirteanna den chlár is féidir a sholáthar.

Sa chuid is mó de na cásanna, beidh an-aithne ag na múinteoirí a bheidh ag soláthar an chláir seo ar a scoláirí, beidh siad ina saineolaithe ina réimse agus beidh caidreamh láidir acu cheana féin lena scoláirí. Is caidreamh ríthábhachtach é sin maidir le cabhrú leis na scoláirí ceangal leis an scoil arís agus dul chun cinn a dhéanamh ar a gcuid foghlama.

## RÓL NA MÚINTEOIRÍ

Agus an Clár Samhraidh á thairiscint acu, b'fhearr go bhfaigheadh scoileanna cúnamh ó mhúinteoirí a bhfuil cur amach acu ar riachtanais na ndaoine óga a bheidh ag freastal ar an gclár. I gcás go mbeidh an cur amach sin ag múinteoirí, beidh sé níos éasca dóibh tosaíochtaí foghlama a shuí atá ailínithe leis na pleananna tacaíochta atá ann cheana agus atá dírithe ar cheangail leis an scoil a choinneáil ar bun agus a dhaingniú. I gcás go bhfostófar múinteoirí eile, ba cheart do mhúinteoirí rochtain a iarraidh ar an bplean tacaíochta is déanaí don duine óg lena mbaineann chun cabhrú leis/léi tosaíochtaí foghlama a shuí.

Is speisialtóirí ábhair iad múinteoirí iar-bhunscoile agus, ag brath ar cá mhéad múinteoir atá ar fáil chun teagasc ar an gclár in aon scoil aonair, beidh teorainn ann leis an inneachar ábhair is féidir a sholáthar. Chuige sin, tá sé an-tábhachtach gurbh amhlaidh, i gcomhar leis an saineolas ábhair, a bheadh sé beartaithe ag na múinteoirí deiseanna a thabhairt do na scoláirí na scileanna eile dá dtagraítear i rannán an ábhair a fhoghlaim.

Ba cheart do mhúinteoirí taifead a choinneáil ar an ábhar agus na scileanna a teagascadh le linn an Chláir Samhraidh agus ba cheart dóibh an taifead sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoin obair chun tuairisc ghonta scríofa a chomhlánú ag deireadh an chláir.

## RÓL NA GCÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

Nuair is féidir, ba cheart do scoileanna atá ag tairiscint an Chláir Samhraidh féachaint le rannpháirtíocht cúntóirí riachtanas speisialta a bhfuil aithne acu ar na daoine óga a bheidh ag freastal ar an gclár scoilbhunaithe a áirithiú. Ba cheart róil agus dualgais na gcúntóirí riachtanas speisialta le linn an Chláir Samhraidh a bheith ar aon dul go fóill le Beartas Riachtanas Speisialta Oideachais na scoile agus ba cheart iad a bheith ag teacht leis na pleananna cúraim atá ann cheana do na daoine óga lena mbaineann. Ba cheart béim ar leith a chur ar fhreastal ar riachtanais sláinte agus chúraim agus ar neamhspleáchas a chothú.

## SUIRBHÉ RÉAMHCHLÁIR

Roimh thús an chláir samhraidh, ba cheart **suirbhé réamhchláir** a eisiúint chuig múinteoirí agus chuig scoláirí agus chuig a dtuismitheoirí/caomhnóirí chun riachtanais foghlama tosaíochta, láidreachtaí agus ábhair spéise an duine óig a shuí agus chun a fháil amach cén dóigh a bhféadfaí tacú leis an duine óg ar an tslí is fearr.

I gcásanna áirithe, is féidir go dteastóidh ó scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise shuntasacha acu modhanna eile trínar féidir leo a n-ábhair spéise, a láidreachtaí agus a riachtanais foghlama a chur in iúl. Ba cheart go gcumasódh sé sin do mhúinteoirí tacaíocht a chur in oiriúint don duine aonair trí Phlean Tacaíochta a cheapadh don Chlár Samhraidh. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar phríomhghnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht a chur ar áireamh sa phlean, mar aon le tacaí le haghaidh forbairt shóisialta agus gníomhaíochtaí taitneamhacha ar fud réimsí éagsúla eile den churaclam. Ba cheart deacracht agus éirim an phlean a bheith inchomhlíonta go réalaíoch laistigh de chreat ama gearr an chláir.

## TUAIRISC AR DHUL CHUN CINN

Ag deireadh an chláir, ba cheart do bhainisteoirí an chláir a chinntiú go n-ullmhófar **tuairisc ghonta scríofa** ar dhul chun cinn gach linbh. Ba cheart forbhreathnú gairid a thabhairt ar na nithe seo a leanas sa tuairisc sin:

- na scileanna agus na héachtaí a ghnóthaigh an scoláire le linn an chláir samhraidh
- aon dúshláin ar leith a bhí ag an mac léinn le linn chlár an tsamhraidh agus conas a sháraigh an mac léinn na dúshláin seo
- conas a úsáidfidh múinteoirí an fhaisnéis sin chun cabhrú leis an leanbh sa chéad scoilbhliain eile

Ba cheart an tuairisc sin a sholáthar do thuismitheoirí ag deireadh an Chláir Samhraidh agus ba cheart í a sholáthar do mhúinteoirí ranga an linbh.Nuair is cuí, ba chóir an tuairisc a chur san áireamh freisin i gComhad Tacaíochta na nDaltaí gach duine óig ar phlean soláthair na scoile tar éis dóibh a bheith rannpháirteach sa chlár samhraidh.Nuair is infheidhme, ba cheart an tuairisc a chur ar áireamh freisin i gComhad Tacaíochta Scoláire gach linbh nó duine óig i

bplean soláthair na scoile tar éis dó/di páirt a ghlacadh sa chlár samhraidh. Tá teimpléad samplach le haghaidh an tuairisc scríofa sin a tháirgeadh tugtha in **Aguisín A**.

I gcás go mbeidh duine óg ag aistriú chuig scoil eile, ba cheart do na tuismitheoirí/caomhnóirí an fhaisnéis sin a choinneáil agus í a thabhairt don cheann bliana tráth a dhéanfar an t-aistriú. Cabhróidh an fhaisnéis sin le bonn eolais a chur faoi phleanáil oideachais amach anseo don bhliain acadúil 2025/2026.

## RÓL GHUTH AN LINBH NÓ AN DUINE ÓIG

Is féidir daoine óga a chumhachtú agus a spreagadh trí ról a thabhairt dóibh le linn spriocanna foghlama a leagan síos agus faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn. Ba cheart spreagadh gníomhach a thabhairt do na leanaí agus na daoine óga a ghlacann páirt sa chlár a riachtanais foghlama féin a chur in iúl agus an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh acu féin a mheasúnú. Tá an cur chuige sin ag teacht leis an gcur chuige ceartabhunaithe a ghlactar i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) i leith páirt a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga i gcinntí a dhéanann difear dóibh, agus tá sé ag teacht freisin le prionsabail Shamhail Rannpháirtíochta Lundy. Toisc gur féidir go mbeidh deacrachtaí teanga agus cumarsáide ag roinnt daoine óga, tá sé tábhachtach modhanna cuí a úsáid chun iad a chumasú a gcuid tuairimí a chur in iúl agus ionchur a thabhairt (e.g., úsáid a bhaint as tacaí amhairc, as cláir roghanna, as teicneolaíocht chúnta). Trí chur chuige leanbhlárnach a ghlacadh ina gcuirtear an duine aonair i gcroílár na pleanála oideachais, cabhraítear lena chinntiú go bhfreastalófar ar na riachtanais shonracha foghlama agus folláine atá aige/aici. Fágann sé sin gur féidir guth an duine óig a chur ar áireamh sa phróiseas pleanála agus cinnteoireachta i ndáil lena c(h)onair féin tríd an gcóras oideachais.

Áirítear iad seo a leanas leis na hacmhainní atá ar fáil ar an nGréasán agus a d’fhéadfadh a bheith úsáideach ina leith sin:

- Samhail Rannpháirtíochta Lundy
- An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht
- Foireann Uirlisí Tusla um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga
- An tionscnamh ‘Our Voices Our Schools’ de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Nuair a bheidh siad ag dul i dteagmháil le daoine óga maidir leis an gClár Samhraidh, ba cheart do scoileanna éisteacht le hionchur maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na gníomhaíochtaí* dá ngabhann siad
- Cineál agus leibhéal na tacaíochta a fhaightear ó aosaigh
- Teicneolaíocht a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim

- Na gnéithe sóisialta dá n-oideachas (a staid mhothúchánach a bhainistiú, aistrithe nó athruithe a bhainistiú).
- Ba cheart aiseolas tráthrialta a thabhairt do daoine óga ar a ndul chun cinn le linn ghníomhaíochtaí an Chláir Samhraidh.

*Faoi mar a mhol Cigireacht na Roinne de bhun na gcinntí a rinne sí bunaithe ar chigireachtaí agus ar chuairteanna leantacha a seoladh sa bhliain 2023 agus 2024, ba cheart d'eagraithe, bainisteoirí agus múinteoirí an chláir pleanáil do dhíospóireachtaí ar an bhfoghlaim, agus na díospóireachtaí sin a éascú, roimh na gníomhaíochtaí agus ina ndiaidh. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, mar shampla, plé a dhéanamh ar na nithe ba mhaith leis na daoine óga a fhoghlaim sula rachaidh siad ar turas nó sula dtabharfaidh siad faoi ghníomhaíocht, labhairt ag deireadh an lae faoi na scileanna a d'fhorbair na daoine óga, agus breithniú a dhéanamh ar na scileanna eile ba mhaith leo a fhorbairt. Is tugtha in **Aguisín B** atá leidcheisteanna samplacha a bhféadfadh múinteoirí úsáid a bhaint astu chun tacú leis an machnamh sin roimh ghníomhaíochtaí agus ina ndiaidh.

## RÓL RANNPHÁIRTÍOCHT NA DTUISMITHEOIRÍ

Bíonn tionchar láithreach agus fadtéarmach ag baint agus rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim a bpáistí agus comhpháirtíochtaí láidre idir an baile agus an scoil ar ghnéithe mar iompar daoine óga, a bhforbairt shóisialta agus mhothúchánach agus an taitneamh a bhaineann siad as an scoil. Dá bhrí sin, ba cheart do chláir shamhraidh córais a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht éifeachtach tuismitheoirí a spreagadh roimh an gclár, lena linn agus ina dhiaidh ar bhealach nach gcuireann éilimh mhíchuí ar thuismitheoirí, leanaí, eagraithe, bainisteoirí cláir ná múinteoirí.

I gcás an chláir samhraidh 2025, iarrtar ar na heagraithe agus na bainisteoirí uile breithniú a dhéanamh ar na modhanna is cuí agus is praiticiúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faisnéis a bhailiú ó thuismitheoirí faoi láidreachtaí, ábhair spéise agus riachtanais a linbh roimh thús an chláir
- Cumarsáid an-soiléir a dhéanamh le tuismitheoirí maidir lena luachmhaire atá sé go nglacfaí páirt i gclár den sórt seo dá leanbh.
- Bheith aireach ar thuismitheoirí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu agus féachaint le tacú leis na riachtanais chumarsáide atá ag na tuismitheoirí sin.
- Tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas go dtabharfaidh rannpháirtíocht sa chlár fíordheis dá leanbh ceangal dearfach a choinneáil ar bun leis an scoil le linn na laethanta saoire samhraidh.
- Deiseanna cuí a thabhairt do roinnt tuismitheoirí cabhrú le gníomhaíochtaí le linn an chláir samhraidh a bhfuil saineolas ar leith acu orthu; *tabhair faoi deara go mbeidh sé sin faoi réir nósanna imeachta um Chumhdach Leanaí, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána*.

- Amchlár an chláir samhraidh agus faisnéis eagraíochtúil ghaolmhar eile a chomhroinnt le tuismitheoirí.
- A chinntiú go bhfaighidh na tuismitheoirí uile faisnéis faoi dhul chun cinn a linbh a luaithe a bheidh an clár samhraidh thart.

Tá foirm shamplach le haghaidh dul i gcomhairle le tuismitheoirí curtha ar áireamh anseo mar **Aguisín C**.

## Meastóireacht ar an gClár Samhraidh 2025

Iarrfaidh an Rannóg Oideachais Speisialta ar an gCigireacht cuairt a thabhairt ar shampla de scoileanna atá ag tairiscint an chláir samhraidh.

Díreofar le linn na gcuairteanna sin ar fhiosrú a dhéanamh ar a mhéid a thug cláir shamhraidh tús áite i gceart do na daoine óga sin atá páirteach sa chlár samhraidh. Déanfaidh cigirí fiosrú ar an méid seo a leanas le linn na gcuairteanna freisin:

- a mhéid a chuimsíonn cláir shamhraidh gníomhaíochtaí atá ceaptha chun cur leis an gcumas atá ag daoine óga machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin, ar an inspreagadh atá acu chun foghlaim, agus ar an mbraistint dul chun cinn agus gnóthachtála atá acu san fhoghlaim.
- a mhéid a éascaíonn cláir shamhraidh rannpháirtíocht chuí daoine óga i gclárphleanáil agus san athbhreithniú ar éachtaí an chláir
- a mhéid atá modhanna cuí praiticiúla ar bun ag cláir shamhraidh chun rannpháirtíocht éifeachtach tuismitheoirí a chur chun cinn sa chlár samhraidh atá i bhfeidhm
- a mhéid atá córas i bhfeidhm ag cláir shamhraidh chun a chinntiú go gcomhlánófar tuairisc ghonta scríofa ar dhul chun cinn gach duine óig ag deireadh gach cláir

Le linn dó/di cuairt a thabhairt ar an gClár Samhraidh, iarrfaidh an cigire súil a chaitheamh ar **phlean soláthair na scoile do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**. Tá plean teimpléadach soláthair scoile le fáil ar leathanach 35 de na Treoirlínte do Bhunscoileanna/Iar-bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu.

Buailfidh an cigire le bainisteoir an chláir, tabharfaidh sé/sí cuairt ar raon gníomhaíochtaí, pléifidh sé/sí an soláthar leis na múinteoirí, agus rachaidh sé/sí i dteagmháil leis na daoine óga.

## Conclúid

Tá an treoir sa doiciméad seo deartha chun tacú le múinteoirí in iar-bhunscoileanna ar dhearadh agus ar sheachadadh clár oideachais samhraidh a thacaíonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó atá i mbaol suntasach míbhuntáiste oideachais.Is iad na spriocthorthaí do na scoláirí ná go gcothóidh siad a bhféinmhuinín agus a gceangail lena bpiaraí. Mar thoradh air sin, gnóthóidh na scoláirí tuiscint níos fearr ar a bhfolláine féin agus tuilleadh scileanna chun leanúint lena gcuid oideachais. Tríd an gclár samhraidh seo a sholáthar, ba cheart do phríomhoidí, d'eagraithe, do bhainisteoirí cláir samhraidh agus do mhúinteoirí féachaint le braistint láidir féinmhuiníne a chothú i scoláirí, mar aon le braistint láidir

ceangailteachta lena bpobal scoile agus dearcadh dearfach chun leanúint lena gcuid oideachais.

Coinníonn gach scoil solúbthacht agus neamhspleáchas chun cláir foghlama a dhearadh a oireann do riachtanais daoine óga agus dá suíomh oideachais ar leith. Beidh sé an-tábhachtach go rachadh scoileanna i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí ionas go ndéanfar na hionchais maidir le cineál chlár an duine óig a chomhaontú roimh ré agus go gcoinneofar dea-chumarsáid ar bun ar fud an chláir. Chun tacú le leanúnachas i bhfoghlaim an linbh, ba cheart torthaí an chláir do gach duine óg a chomhroinnt i bhfoirm scríofa agus ar shlí thráthúil éifeachtach leis an scoil agus leis na tuismitheoirí.

Agus an Clár Samhraidh 2025 á sholáthar acu, ba cheart do phríomhoidí agus múinteoirí féachaint le tacaíocht a thabhairt do na daoine óga a bhfuil tús áite á thabhairt dóibh daingniú a dhéanamh ar a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama agus sóisialta agus an mhuinín atá acu a chothú chun gur féidir leo aistriú go réidh chuig a ranganna nua i mí Mheán Fómhair 2025.

## Aguisíní

**Aguisín A – Teimpléad le haghaidh na Tuairisce Cláir Samhraidh.** Is féidir an teimpléad samplach tuairisce seo a úsáid chun tuairisc scríofa a tháirgeadh ar dhul chun cinn gach scoláire ag deireadh a rannpháirtíochta sa Chlár Samhraidh.

**Aguisín B – Machnamh ar an bhFoghlaim: Leideanna samplacha.** Na ceisteanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid chun scoláirí a chur ag déanamh machnamh ar an bhfoghlaim.

**Aguisín C – Teimpléad le haghaidh Comhairliúchán ar an gClár Samhraidh**. Is féidir le scoileanna é seo a úsáid le linn dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí na bhfoghlaimeoirí roimh an gclár.

## AGUISÍN A – TEIMPLÉAD LE HAGHAIDH NA TUAIRISCE CLÁIR SAMHRAIDH

Cuir lógó na scoile isteach anseo

# TUAIRISC CLAIR SAMHRAIDH AN DALTA/SCOLAIRE

## "MUINÍN AGUS CEANGAIL A CHOTHÚ"

**Le comhlánú ag múinteoirí an Chláir Samhraidh i gcomhairle le bainisteoir/eagraí an Chláir Samhraidh mar athbhreithniú ar an bplean Cláir Samhraidh agus mar threoir do ghníomhartha amach anseo.**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm an Dalta/Scoláire | Rang/Bliain | |
| Dáta breithe an Dalta/Scoláire | | |
| Dáta na tuairisce Cláir Samhraidh | | |
| Cé na scileanna agus na héachtaí a ghnóthaigh an scoláire le linn an chláir samhraidh? | | |
| Ar tháinig an scoláire ar aon dúshláin ar leith le linn an chláir samhraidh? Má tháinig, conas a cabhraíodh leis an dalta/scoláire na dúshláin sin a shárú? | | |
| Conas is féidir leis na múinteoirí príomhshrutha agus/nó na múinteoirí tacaíochta sa scoil úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin chun cabhrú leis an dalta/scoláire sa scoilbhliain atá le teacht? | | |
| Aon bharúlacha ón scoláire: | | |
| Aon bharúlacha ó thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le dul chun cinn a linbh le linn an chláir: | | |
| Síniú an mhúinteora a chomhlánaigh an fhoirm | | |

| **Gníomhartha a d'eascair as an tuairisc Cláir Samhraidh (cuir tic leo, de réir mar is cuí)** | | | |
|---|---|---|---|
| | Cuireadh an tuairisc ar aghaidh chuig tuismitheoir | | Cuireadh an tuairisc sa Chomhad Tacaíochta Scoláire agus rinne an múinteoir oideachais speisialta athbhreithniú uirthi |
| | Rinne an múinteoir ranga athbhreithniú ar an tuairisc agus choinnigh sé/sí í | | Úsáideadh an tuairisc chun bonn eolais a chur faoi phleanáil amach anseo don scoláire |

## AGUISÍN B – MACHNAMH AR AN BHFOGHLAIM: LEIDEANNA SAMPLACHA

Samplaí de na ceisteanna a bhféadfadh múinteoirí úsáid a bhaint astu roimh ghníomhaíochtaí an Chláir Samhraidh agus ina ndiaidh chun scoláirí a chur ag déanamh machnamh ar an bhfoghlaim.

Ba cheart ábhar an chláir samhraidh agus na gníomhaíochtaí a eagrófar a bheith bunaithe ar na haidhmeanna agus ar an ábhar cláir atá leagtha amach sa *Treoir maidir leis an gClár Samhraidh 2025 do scoileanna*, lena n-áirítear an treoir maidir le cineálacha cur chuige teagaisc, foghlaim chun foghlaim, folláine, scileanna, teicneolaíocht, etc. Ba cheart do mhúinteoirí díriú a leagan ar chomhtháthú príomhscileanna atá oiriúnach d'aois agus céim forbartha an scoláire agus dá c(h)éim scolaíochta.

**<u>Leidcheisteanna a d'fhéadfadh múinteoirí a chur ar scoláirí sula ngabhfaidh siad do ghníomhaíocht</u>**

Ba cheart na ceisteanna seo a bheith deartha chun cabhrú le scoláirí díriú ar conas ullmhú do ghníomhaíocht agus chun a fháil amach cé na nithe ba mhaith leis na scoláirí a fhoghlaim le linn na gníomhaíochta.

1. *Cé na nithe atá le foghlaim agaibh le linn na gníomhaíochta seo, dar libh?*
2. *Cé na nithe ba mhaith libh a fhoghlaim le linn na gníomhaíochta / an bhfuil aon scil nó réimse spéise ar leith ann ba mhaith libh a iniúchadh nó a fhorbairt tuilleadh?*
3. *Conas is féidir linn ullmhú don ghníomhaíocht seo? An bhfuil aon trealamh nó acmhainní ann a d'fhéadfadh a bheith de dhíth oraibh chun cabhrú libh le linn na gníomhaíochta?*
4. *Más rud é go mbeidh na daoine óga ag tabhairt cuairte ar lena linn a bhuailfidh siad le duine éigin lasmuigh den scoil nó go mbeidh siad ag bualadh le cuairteoir ar an scoil, cuir ceisteanna ar leith faoi obair an duine sin. Mar shampla, cé na ceisteanna a d'fhéadfaimis a chur ar an duine (leabharlannaí, garda, maor dóiteáin, údar, siopadóir) nuair a bhuailfimid leis/léi?*
5. *Conas is féidir linn deimhin a dhéanamh de go mbeidh gach duine sábháilte le linn na gníomhaíochta?*

**<u>Leidcheisteanna a d'fhéadfadh múinteoirí a chur ar scoláirí tar éis dóibh gabháil do ghníomhaíocht</u>**

Ba cheart na ceisteanna seo a bheith deartha chun cabhrú le scoláirí machnamh a dhéanamh ar na torthaí agus na heispéiris foghlama a ghnóthaigh siad ón ngníomhaíocht.

- *Cuirigí síos ar roinnt de na nithe a d'fhoghlaim sibh le linn na gníomhaíochta.*
- *Cé na scileanna a ndearna sibh iniúchadh orthu le linn na gníomhaíochta? Cé na láidreachtaí a thaispeáin sibh?*
- *Cé na gnéithe den ghníomhaíocht ar bhain sibh an taitneamh is mó astu? Cén fáth ar bhain sibh an taitneamh is mó astu sin?*
- *Cé na nithe eile ar mhaith libh foghlaim fúthu le linn na gníomhaíochta?*
- *Cé na dúshláin ar tháinig sibh orthu le linn na gníomhaíochta? Cad a rinne sibh chun na dúshláin sin a shárú? Cé na nithe a d'fhéadfadh a bheith foghlamtha agaibh le linn daoibh na dúshláin sin a shárú?*
- *Agus sibh ag breathnú siar ar na nithe a raibh sibh ag súil leo le linn na gníomhaíochta, an raibh áthas, iontas nó díomá oraibh mar gheall ar an méid a tharla? Má bhí, cén fáth?*
- *Ar bhain sibh taitneamh as an ngníomhaíocht seo? Murar bhain, cén fáth? Ar mhaith libh an ghníomhaíocht seo a dhéanamh arís? Conas a d'fhéadfaí an ghníomhaíocht a dhéanamh níos taitneamhaí daoibh?*

- *Conas a d'fhéadfadh sibh a insint do dhaoine eile faoin méid a rinne sibh? Cén dóigh ar mhaith libh a insint dóibh faoin ngníomhaíocht seo? e.g., saothar ealaíne, scríbhneoireacht, cur i láthair digiteach a chruthú, rólimirt*

## AGUISÍN C – TEIMPLÉAD LE HAGHAIDH COMHAIRLIÚCHÁN AR AN GCLÁR SAMHRAIDH

**Cuir lógó na scoile isteach anseo**

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Tá an Clár Samhraidh 2025 inár scoil deartha chun deiseanna a thabhairt do daoine óga blaiseadh a fháil de shaol na scoile ar bhealach an-tacúil trí bhéim ar leith a chur ar ghníomhaíochtaí taitneamhacha, ar an bhfoghlaim dhearfach, agus ar a bhféinmhuinín agus a bhfolláine a chur chun cinn.  Trí pháirt a ghlacadh sa chlár, tacófar le do leanbh a scileanna bunriachtanacha a fhorbairt arís eile le linn mhíonna an tsamhraidh i dtimpeallacht nach mbíonn chomh foirmiúil céanna leis an timpeallacht a bheadh ann le linn na scoilbhliana. Tá an Clár Samhraidh bunaithe ar an téama “Muinín agus Ceangail a Chothú”.  Trí na gníomhaíochtaí a eagróidh na múinteoirí, tabharfar deis do do leanbh foghlaim agus scileanna sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt. Tabharfar deis dóibh cairde a dhéanamh agus cairdeas a fhorbairt, feabhas a chur ar an muinín atá acu i leith na scoile agus na foghlama, agus treisiú leis an gcur amach atá acu ar leagan amach agus gnáthaimh na scoile.

Chun cabhrú lenár scoil gníomhaíochtaí a eagrú a bheidh taitneamhach agus fiúntach do do leanbh, táimid ag iarraidh ort an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt dúinn.
Ainm an linbh: ____________________   Dáta breithe an linbh: ___________________

Leibhéal Ranga/Bliana: _______________________

### 1. Scileanna agus láidreachtaí

| |
|---|
| An féidir leat roinnt de na scileanna agus na láidreachtaí atá ag do leanbh a liostú, ar scileanna agus láidreachtaí iad a d’fhéadfaí a iniúchadh tuilleadh le linn an Chláir Samhraidh? |

### 2. Réimsí Spéise

| |
|---|
| An féidir leat aon réimse spéise atá ag do leanbh a liostú, ar réimse spéise é a d’fhéadfaí a chur ar áireamh mar chuid den Chlár Samhraidh? |

**3. Réimsí riachtanais**

| |
|---|
| An féidir leat roinnt de na riachtanais foghlama atá ag do leanbh faoi láthair a liostú, ar riachtanais iad ar mhaith leat go bhfreastalófaí orthu le linn an Chláir Samhraidh? |

**4. Cabhrú le do leanbh bogadh ar aghaidh chuig an gcéad rang eile nó chuig an gcéad bhliain eile**

| |
|---|
| An bhfuil aon ní eile ann, dar leat, a d'fhéadfadh múinteoirí an Chláir Samhraidh a dhéanamh chun cabhrú le do leanbh socrú isteach ar shlí níos fearr ina rang scoile nua nó ina b(h)liain scoile nua i mí Mheán Fómhair? |

**5. Do bhuanna agus do scileanna a chomhroinnt**

| |
|---|
| An bhfuil aon bhua nó scil ar leith agat a d'fhéadfá sásta a chomhroinnt leis na daltaí/scoláirí inár scoil?<br><br>*Tabhair faoi deara go mbeidh feidhm ag grinnfhiosrúchán roimh ré an Gharda Síochána.* |

**Síniú an tuismitheora/an chaomhnóra:** ______________________________

**Dáta:** ___________________________

**Gabhtar buíochas ó chroí leat as an am a thógáil chun an fhoirm seo a chomhlánú**